Duan na Nollag

I bPrós

nó

Scéal Taibhsí don Nollaig

le

Charles Dickens

Arna chur i nGaeilge ag an
Athair Pádraig Ua Duinnín

Arna chur in eagar agus in
oiriúint ag Maitiú Ó Coimín

Leabhar Breac

I mBéarla, sa bhliain 1843, a foilsíodh an saothar seo ar dtús, faoin teideal A CHRISTMAS CAROL IN PROSE. Tá an t-eagrán seo bunaithe ar an aistriúchán a d'fhoilsigh an tAthair Pádraig Ua Duinnín sa bhliain 1903, agus é athchóirithe ag Maitiú Ó Coimín do léitheoirí ár linne.

An Chéad Eagrán 1903
An t-eagrán seo © Leabhar Breac 2017

ISBN 978-1-911363-38-5

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Ealaín: Arthur Rankham
Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. www.leabharbreac.com

Clár

An Chéad Rann
Taibhse Mheárlaí
7

An Dara Rann
An Chéad Cheann de na Spioraid
41

An Treas Rann
An Dara Ceann de na Spioraid
73

An Ceathrú Rann
An Ceann Deireanach de na Spioraid
127

An Cúigiú Rann
A Dheireadh
143

AN CHÉAD RANN

Taibhse Mheárlaí

Bhí Meárlaí marbh, mar thosnú. Ní raibh amhras ar bith ar an méid sin. Chuir an ministir, an cléireach, an t-adhlacóir agus an príomhchaointeoir a n-ainmneacha le cuntas a adhlactha; chuir Scrúg a ainm leis ina dteannta, agus níor chaill riamh ar mhargadh an airgid aon rud a chuirfeadh Scrúg a ainm leis.

Bhí sean-Mheárlaí chomh marbh le tairne dorais.

Féach! Ní hea go bhfuil a fhios agam féin cad é an saghas marú áirithe a bhaineas le tairne dorais; bhraithfinn féin gur mó an marú a bhaineann le tairne cónra ná le haon earra iarainn amuigh. Ach tá togha eolais ár sinsear sa seanfhocal, agus ní

chuirfeadsa drochlámh ann, nó beidh an dúiche scriosta. Dá bhrí sin, lig dom a aithris go sealbhaithe go raibh Meárlaí chomh marbh le tairne dorais.

Bhí a fhios ag Scrúg go raibh sé marbh? Bhí, dar ndóigh. Ní fhéadfadh gan a bheith. Óir bhí sé féin agus Scrúg i bpáirtíocht le chéile ar feadh mórán de bhlianta. Ba é Scrúg a aonfheitheoir, a aonfhear ionaid, a aonfheidhmeannach, a aon-leagáidí iarmharach, a aonchara, agus a aonchaointeoir. Agus níor ghoill an t-éacht chomh trom sin ar Scrúg féin nár mhaith an fear gnó é lá na sochraide, agus nár chuir sé a shéala ar an lá sin le dea-mhargadh dearfa.

Cuireann an tagairt seo do shochraid Mheárlaí i gcuimhne dom an rud lenar thosnaíos. Níl aon amhras ná go raibh Meárlaí marbh. Bímis cinnte ar an méid sin nó is róbheag an t-ionadh a bhainfeas leis an scéal atá agam le haithris. Mura mbeimis sealbhaithe de bhás athair Hamlet roimh thosnú don dráma, níorbh iontaí é a bheith ag siúl dó féin istoíche ar a bhallaí féin agus an ghaoth anoir ná dá mbuailfeadh duine éigin scoth-aosta eile amach tar éis titim na hoíche go háit aerach — Reilig Phóil, abair — d'fhonn crith-eagla a chur ar a mhac maolaigeanta.

Níor ghlan Scrúg amach riamh ainm shean-Mheárlaí. B'in é ansin le cianta os cionn dhoras an tsiopa. Scrúg agus Meárlaí. Ba é an t-ainm a bhí ar an gcomhlacht ná Scrúg agus Meárlaí. Ar uairibh, ghlaoití Scrúg ar Scrúg, agus ar uairibh Meárlaí ag

daoine ná raibh taithí acu ar an gcomhlacht, ach d'fhreagair sé don dá ainm. Ba chuma leis cé acu.

Ochón! Ba é an rúcach é Scrúg! Seanraga santach scríobach baileach anacrach ocrach! Chomh géar, chomh doirbh le breochloch nár bhain cruach riamh aibhleog raidhsiúil aisti. Is é a bhí go rúnach is go discréideach, agus chomh haonarach le hoisre. Chuir an fuacht a bhí ina chroí sioc amach trína sheanghnúis. Phrioc sé a ghéarshrón, shearg sé a ghrua, righnigh sé a shiúl, d'fhág sé go deargshúileach gormbhéalach é, agus fiú amháin mothaíodh é go róghéar ina gharbhghuth. Bhí reo cuisneach ar a cheann is ar a mhalaí, agus ar a smigín fhaobhrach. Bhí a fheillfhuacht féin i gcónaí ina chuideachta; chuisnigh sé an oifig i lár an tsamhraidh, agus níor bhog sé oiread is aon chéim amháin um Nollaig.

Is róbheag an bheann a bhí ag Scrúg ar fhuacht ná ar theas ón taobh amuigh. Ní théifeadh teas agus ní fhuaródh garbhshíon é. Níor ghéire aon ghaoth dár shéid riamh ná é. Níor cáitheadh sneachta riamh ba dhúthrachtaí, agus níor thit clagar ba neamhthruamhéalaí ná mar a bhí Scrúg. Ní bhfuair doineann aon áth air. Níor rug fearthainn ná sneachta ná cloch shneachta barr uaidh riamh, ach amháin sa chuma seo: gur mhinic iad sin ag teacht faoi do dhéin go raidhsiúil, ach níor mhar sin do Scrúg.

Níor mhoilligh éinne riamh sa tsráid é á rá, "A Scrúig, a chara, conas atá tú? Cathain a thiocfaidh tú

do m'fhéachaint?" Ní iarrfadh na bacaigh beagáinín air. Ní fhiafróidh na páistí de cad a chlog é. Níor fhiafraigh fear ná bean riamh de taispeánadh na slí go dtí a leithéid sin d'áit. Fiú madraí na ndall — ba dhóigh leat go raibh aithne acu air; nuair a chídís ag teacht é tharraingídís a máistrí go béil na ndoirse, nó isteach i lánaí, agus chroithidís a n-eireaball, chomh maith is dá n-abraidís, "Is fearr a bheith gan súil ná drochshúil, a mháistir dhaill."

Ach cad é sin do Scrúg? B'in é a bhí uaidh. Ba bhia is ba dheoch dó a mhaidí a bhreith leis trí chosán líonmhar an tsaoil, ag fógairt truamhéala daonna go léir uaidh.

Feacht n-aon — an lá roimh Nollaig thar laethaibh an domhain — bhí sean-Scrúg ina shuí ina theach comhairimh agus é go dícheallach. Bhí an uain go fuar, cuisneach, géar. Bhí ceo ann leis. D'airíodh sé na daoine sa chearnóg amuigh ag gabháil síos suas, ag sraothartach, agus ag bualadh a lámh i gcoinne a n-ucht, agus ag dianbhualadh a gcos ar na leaca d'fhonn iad a théamh. Bhí cloig na cathrach díreach tar éis an trí a bhualadh, ach bhí sé dorcha cheana féin, agus ní raibh puinn solais ó mhaidin ann, bhí coinnle ar léirlasadh i bhfuinneoga na n-oifigí i bhfogas dó mar a bheadh saigheada soilseacha ar an aer donn tathagach. Isteach leis an gceo trí gach uachais is poll eochrach, agus le neart a theachta is ar éigean a chífeá na tithe ar an taobh thall, cé go raibh an cearnóigín

feillchúng. Dá bhfeicfeá an dúnéal ag titim is ag teacht anuas ba dhóigh leat go raibh an spéir ina cónaí le d'ais, agus í ag bríbhéireacht go lánfhairsing.

Bhí doras theach comhairimh Scrúig ar leathadh i gcás go bhfairfeadh sé an cléireach a bhí ag athscríobh litreach i seomra beag léir-dhorcha — saghas dromhlaigh ab ea é — ar an taobh amuigh. Bhí tine an-bheag ag Scrúg, ach bhí lasóigín an chléirigh an oiread sin ní ba lú gur dhóigh leat ná raibh ach spré ann. Ach ní raibh aon chaoi aige ar í a mhéadú, óir choinnigh Scrúg cliabhán an ghuail ina sheomra féin, agus chomh luath is a thagadh an cléireach isteach leis an tsluasaid níor theip ar an máistir a rá go raibh eagla air go gcaithfidís scarúint le chéile. Dá bhrí sin, chuir an cléireach a charbhat bán air, agus thug sé iarracht ar é féin a théamh leis an gcoinneal, ach theip sin air, óir níor mhór é a neart samhlaíochta.

"Nollaig shúgach chugat, a uncail! Dia duit," arsa guth meidhreach. Ba é guth nia Scrúig é, a tháinig chomh mear sin faoina dhéin nár mhothaigh sé a theacht go dtí sin.

"Muise, díth céille!" arsa Scrúg.

Bhí an oiread sin teasa ar nia Scrúig, tar éis a luathshiúil sa cheo, go raibh luisne ar lasadh tríd. Ba lonrach dathúil í a ghnúis, bhí lasair ina shúile, agus bhí a chuid anála ag teacht ina gal.

"An Nollaig díchéillí, an ea?" arsa nia Scrúig. "Ní hí sin brí d'fhocail, dar ndóigh?"

"Is í go cruinn," arsa Scrúg. "Nollaig shúgach! Cad é an t-ábhar nó an chúis atá agatsa le bheith súgach? Tá tú dealbh do dhóthain!"

"Sea, is dóigh," arsa an nia go gáireach. "Cad é an chúis duitse a bheith go dubhach? Cad chuige a bhfuil tú doilbh? Tá tú saibhir do dhóthain!"

Óir ná raibh aon fhreagra eile ar bharr a theanga ag Scrúg, is é a dúirt, "Ó, mhuise," agus ansin, "díth céille."

"Ná bí ar buile, a uncail," arsa an nia.

"Cad ina thaobh ná beinn," arsa Scrúg, "agus mé ag maireachtáil sa domhan seo atá lán suas d'amadáin? Nollaig shúgach! Sceimhle ar do Nollaig shúgach. Cad atá sa Nollaig duitse ach am díolta na mbillí, gan airgead; am ina bhfágfaidh tú thú féin bliain níos sine agus gan a bheith uair an chloig níos saibhre; am ina gcaithfidh tú suas do leabhair chuntais, agus gach blúire dá bhfuil iontu le dhá mhí dhéag i do choinne go feidhmiúil? Dá bhfaighinnse mo thoil," arsa Scrúg go míchéadfach, "bhruithfinn i dteannta a phutóige féin gach óinseach acu seo a bhíonn ar siúl agus Nollaig shúgach ina bhéal, agus chuirfinn é agus cuaille cuilinn trína chroí; sin é a dhéanfainn leis!"

"A uncail ó!" arsa an nia, ag achairt air.

"A nia," arsa an t-uncail go tur, "caith do Nollaig cibé slí is maith leat, agus lig domsa í a chaitheamh i mo shlí féin."

"Í a chaitheamh?" arsa a nia. "Dar ndóigh, ní chaitheann tusa í."

"Lig dom gan í a bhac, mar sin," arsa Scrúg. "Maith is sláinte go ndéana sí duitse! Is mór a rinne sí de mhaitheas riamh duit!"

"Is dócha gur iomaí rud a dhéanfadh maitheas dom, agus ná deachaigh chun suime dom, agus an Nollaig chomh maith leo," arsa an nia, "ach, go deimhin, i gcónaí nuair a thagann Féile na Nollag téann mo chroí léi mar aimsir mhaith — agus gan an urraim a bhaineann lena hainm is lena chéadtosú a bhac, cé gur deacair an urraim sin a dheighilt ó aon ní a bhaineann léi — cuimhním ar aimsir chairdiúil mhaiteach charthanach shoilbhir, an aon aimsir amháin i rith na bliana go léir ina leathann fir is mná d'aontoisc go fairsing a gcroí daingean ag féachaint ar an muintir a bhíonn níos ísle ná iad féin, faoi mar a d'fhéachaidís ar a gcomhthurasóirí go dtí an saol eile, agus ní mar a d'fhéachaidís ar shaghas éigin eile d'ainmhithe ag cur an bhóthair díobh go háiteanna eile. Dá bhrí sin, cé nár chuir an aimsir sin aon ór ná airgead i mo phóca, is é mo thuairim go ndeachaigh sí chun maitheasa dom, agus go rachaidh, agus — go neartaí Dia léi — sin é a deirimse."

Bhuail an cléireach sa dromhlach a bhosa — ní raibh leigheas aige air féin. Ach láithreach baill nuair a bhraith sé go raibh rud éigin as an tslí déanta aige, luigh sé ar an tine a ghríosú, agus mhúch an smól deireanach di go brách.

"Faighim gíog eile asat," arsa Scrúg, "agus caithfidh

tú an Nollaig le cailliúint do chuid oibre! Is láidir an t-óráidí thú," ar sé, ag féachaint anonn ar a nia, "Is ionadh liom ná téann tú go dtí an Pharlaimint."

"Ná bíodh fearg ort, a uncail. Sea, tar chun dinnéir chugainn amárach."

Dúirt Scrúg go bhfeicfeadh sé ag an diabhal é. Dúirt, ambaiste, agus níor chuir sé aon fhiacail ann. Dúirt sé go bhfeicfeadh sé san áit sin ar dtús é.

"Cad é an chúis?" arsa an nia. "Cad é an chúis?"

"Cad é an chúis ar phós tú?" arsa Scrúg.

"Mar thiteas i ngrá."

"Mar thit tú i ngrá!" arsa Scrúg go madrúil, i dtreo gur dhóigh leat gurb é sin an ní amháin ba díchéillí ná Nollaig shúgach. "Go n-éirí an lá leat."

"Ar ndóigh, a uncail, níor tháinig tú riamh do m'fhéachaint roimh an mbeart sin. Cad é an chúis duit é a thabhairt mar leithscéal anois?"

"Go n-éirí do bhóthar leat," arsa Scrúg.

"Níl aon ní uaim ort; nílim ag iarraidh aon nithe ort. Cad ina thaobh ná beimis cneasta le chéile?"

"Go n-éirí do bhóthar leat," arsa Scrúg.

"Tá cathú mo chroí orm thú a bheith chomh doghluaiste sin. Ní raibh aon ní eadrainn riamh a raibh leigheas agamsa air. Ach thugas an iarracht seo in umhlaíocht don Nollaig, agus leanfaidh mé do mo shoirbheas Nollaigiúil go deireadh. Sea, Nollaig shúgach chugat, a uncail."

"Go n-éirí do bhóthar leat," arsa Scrúg.

Ina thaobh sin, d'fhág a nia an seomra gan focal feargach a rá. Stop sé ag an doras lasmuigh chun fáilte na féile a fhearadh don chléireach. Agus dá fhuaire an cléireach ba theo é ná Scrúg, mar is cairdiúil a d'fhreagair sé.

"Sin duine eile," arsa Scrúg faoina fhiacail, mar bhí sé ag éisteacht leis. "Mo chléireach lena chúig déag sa tseachtain, agus bean is clann aige, ag trácht ar Nollaig shúgach. Imeodsa ar gealtaí!"

Ar ligean amach nia Scrúig don fhear buile seo, lig sé isteach beirt eile. Daoine uaisle teanna spéisiúla ab ea iad, agus sheasadar ceann-nochta in oifig Scrúig. Bhí leabhair is páipéir ina lámha acu, agus d'umhlaíodar dó.

"Scrúg agus Meárlaí, is dóigh liom," arsa ceann de na huaisle, agus é ag féachaint ar a chuntas. "Cé acu Scrúg nó Meárlaí a bhfuil sé mar bhail orm a agallamh?"

"Tá an duine uasal Meárlaí marbh le seacht mbliana. Fuair sé bás seacht mbliana is an oíche anocht go beacht."

"Níl amhras orainn ná go leanann a bheochumann dá dhaonnacht fós," arsa an duine uasal, agus é ag síneadh a pháipéar chuige.

Is fíor gur lean, mar b'aon saghas amháin iad. Ar chloisint an fhocail rúnaigh sin 'daonnacht' do Scrúg tháinig gruaim air, agus chroith sé a cheann, agus shín sé na páipéir chuige thar n-ais.

"In aimsir shaoire seo na bliana, a Scrúig uasail," arsa an duine uasal, agus é ag tógaint pinn ina lámh, "is rócheart go ndéanaimis treo éigin do na bochtáin dhealbha, mar is mór é a ngátar um an dtaca seo. Is iomaí míle díobh atá ar easpa an bhia is an éadaigh. Tá na céadta mílte agus gan na compoird choitinn féin acu."

"Agus ná fuil na príosúin ann?" arsa Scrúg.

"Tá, a ndóthain," arsa an duine uasal, agus é ag cur an phinn uaidh.

"Agus an bhfuil tithe na mbocht i dtreo fós?"

"Tá," arsa an duine uasal. "Ba mhaith liom dá bhféadfainn a rá ná fuil."

"Tá muileann na gcos agus dlí na mbocht go beo-aibí mar sin?" arsa Scrúg

"Tá siad araon go ródhícheallach."

"Á! Bhí eagla orm i dtaobh a ndúirt tú ar dtús gur chosc rud éigin iad ar a slí fónta," arsa Scrúg. "Tá áthas orm ina thaobh sin."

"Is dóigh le cuid againn," arsa an duine uasal, "nach oiriúnach iad chun soineann coirp is aigne a thabhairt don slua, agus táimid ag iarraidh airgid a bhailiú chun bia is éadach, agus cóir chun a dtéite, a cheannach do na bochtáin. Thoghamar an aimsir seo, óir is í an aimsir í go cinnte ina mothaítear an gátar agus ina mbíonn áthas ar lucht saibhris. Cé mhéad a chuirfidh mé os comhair d'ainm?"

"Pioc," arsa Scrúg.

"B'fhearr leat gan d'ainm a ligean amach?"

"B'fhearr liom go ligfí dom féin," arsa Scrúg. "Ó d'fhiafraigh sibh díom, a dhaoine uaisle, cad é ab fhearr liom, sin é mo fhreagrasa. Ní bhím féin súgach um Nollaig, agus níl sé de ghustal orm daoine díomhaoine a dhéanamh súgach. Tugaim cabhair do na háiteanna a luaigh tú — ní beag liom a gcostas, agus téadh a bhfuil leathlámhach isteach iontu."

"Tá mórán ná féadfadh dul isteach, agus b'fhearr le mórán eile bás a fháil."

"Más fearr leo bás a fháil," arsa Scrúg, "faighidís bás, agus laghdóidís léir-líonmhaireacht na ndaoine. Ina theannta sin — más é do thoil é — nílim deimhneach de sin."

"Ach d'fhéadfá a bheith," arsa an duine uasal.

"Ní hé mo ghnósa é," arsa Scrúg. "Ní beag do

dhuine eolas a ghnó féin a bheith aige, agus gan a bheith ag cur isteach ar ghnóthaí daoine eile. Tá mo ghnósa mar chúram ormsa i gcónaí. Slán beo chugaibh, a dhaoine uaisle."

Óir ba léir dóibh nárbh aon mhaitheas a bheith leis, bhog na huaisle a mbóthar, agus luigh Scrúg arís ar a chuid gnóthaí, le breis measa air féin agus le haigne níos sultmhaire ná mar ba ghnách leis.

An tráth seo, bhí an ceo is an dorchadas chomh mór sin go raibh daoine ag rith anseo is ansiúd le tóirsí lonracha ag iarraidh go ligfí dóibh siúl roimh chapaill a bhí faoi charráistí d'fhonn iad a stiúradh sa tslí. Níorbh fhéidir sean-chloigtheach an teampaill a fheiscint, é sin a mbíodh a sheanchlog uallfartach ag tabhairt súilfhéachana claoine ar Scrúg ó fhuinneog ghotach sa mhúr — agus a bhuail na huaireanta is na ceathrúna i measc na néalta le creathanna ró-mheara, mar a bheadh díoscán fiacla ina bhlaosc seachas in airde. Tháinig an fuacht an-dian ar fad. Sa phríomhshráid, i gcúinne na cearnóige, bhí roinnt fear oibre ag deisiú píopa gáis, agus bhí tine mhór fadaithe acu i gciseán, agus mórthimpeall na tine seo bhí ábhar fear is garsún gioblach cruinnithe ag téamh a lámh agus ag bagairt a súl os comhair an bhladhma scleondraigh. Nuair nár fhan éinne i bhfeighil an choic uisce, rug an sioc gan mhoill ar a sceitheadh, agus d'iontaigh sé ina leac oighir mínádúrtha. Chuirtí caorlasadh ar ghruanna na siúlóirí le lonradh ó fhuinneoga na siopaí ina raibh

craoibhíní cuilinn is caora ag cnagarnach le teas ó na lampaí. B'álainn an spórt a bheith ag díol éanlaithe is ólacháin; radharc glórmhar ab ea é, i dtreo gur ar éigean a chreidfeá gur bhain reic ná margadh ná rudaí suaracha dá leithéid leis. D'ordaigh an Tiarna Maoir i ndaingean a mhaorthí rófhairsing dá chaoga cócairí is buitléirí Nollaig a bheith acu chomh maith is ba chóir do chuallacht Thiarna Maoir, agus fiú an táilliúir (ar chuir sé coróin fíneála air an Luan roimhe sin i dtaobh a chuid meisce is achrainn ar an tsráid), chorraigh sé putóg an lae amárach ar an tine ina bhotháinín, agus a lombhean is a pháistín lasmuigh chun an mhairteoil a cheannach.

Bhí an uain ag dul i gceocht agus i bhfuaire. Agus ba é an fuacht géar creimneach é a ghabhfadh tríot. Dá mb'áil le Naomh Dunstan srón an ainspioraid a chreimeadh le hiarracht dá leithéid sin de shíon, in ionad é a phriocadh mar ba ghnách leis — ní dóigh go gcuirfeadh sé liú fiáin as! Duine air a raibh srón bheag óg a bhí creimthe, pioctha, leis an bhfuacht cíocrach, mar a bheadh cnámha pioctha ag gadhair, chrom sé síos go poll eochrach Scrúig, d'fhonn scléip a chur air le Duan na Nollag, ach ar chéadchloisint dó,

"Dia duit, a dhuine uasail shuairc,
Ná raibh tú riamh faoi ghruaim!"

rug Scrúg ar an tslat riail leis an oiread sin fuinnimh gur theith an duanaire le huamhain, agus gur fhág poll na heochrach ag an gceo is ag an sioc, ós é ba oiriúnaí dó.

Faoi dheireadh tháinig am iata an tí chomhairimh. Go mall, leisciúil, d'éirigh Scrúg óna stól agus bhagair sé ar an gcléireach a bhí ag feitheamh sa dromhlach. Láithreach baill, mhúch seisean an choinneal agus chuir a hata ar a cheann.

"Is dóigh go mbeidh an lá amárach go léir uait?" arsa Scrúg.

"Má tá caoi agat ar é a thabhairt dom, a dhuine uasail."

"Níl caoi agam air, agus ní ceart é a thabhairt duit. Dá gcoimeádfainn leathchoróin uait ina aghaidh déarfá gur rinneadh éagóir ort, gabhaimse orm."

Chuir an cléireach smiota gáire as.

"Agus ina thaobh sin," arsa Scrúg, "ní dóigh leat go bhfuil éagóir déanta ormsa nuair a thugaim pá lae uaim gan obair."

Dúirt an cléireach ná raibh an scéal amhlaidh ach amháin uair sa bhliain.

"Is deas an leithscéal é sin chun duine a chreachadh gach cúigiú lá fichead de mhí na Nollag!" arsa Scrúg, agus é ag dúnadh cnaipí a chóta mhóir suas go smigín. "Ach dealraíonn an scéal go gcaithfidh tú an lá ar fad a fháil. Bí anseo níos luaithe ar maidin amanathar ar a shon sin."

Gheall an cléireach go mbeadh, agus ghluais Scrúg air amach, ag cur uallfairte as. Ar bhagairt na súl, bhí an oifig dúnta, agus shleamhnaigh an cléireach fiche uair síos go bun Chnoc an Arbhair, i dtaobh thiar de

shlua garsún, agus dhá eireaball a bhán-charbhait ag croitheadh ag a chom, mar onóir d'Oíche Nollag. Agus ansin rith sé abhaile go Baile Caimdin chomh tapa is ab fhéidir leis é, d'fhonn dalladh púicín a imirt.

Chaith Scrúg a dhoilbhdhinnéar ina dhoilbhthábhairne ghnách, agus iar léamh na bpáipéar nuachta ar fad, agus iar gcaitheamh ar fhan den tráthnóna os cionn a bhanc-leabhair dó, chuaigh sé abhaile chun codlata. Chónaigh sé i seomraí a bhain roimhe seo lena chompánach a bhí curtha. Seomraí dorcha ab ea iad i mórtheach gruama a bhí thuas i lána — áit ná raibh puinn gnó aige, i dtreo gur dhóigh leat gurbh amhlaidh a rith sé ann nuair a bhí sé ina ógtheach ag imirt "spiaireachta" le tithe eile, agus nár fhéad sé an tslí amach a fháil arís. Bhí sé aosta a dhóthain anois, agus doilbh a dhóthain, óir níor mhair éinne ann ach Scrúg, agus rinneadh oifigí de na seomraí eile go léir. Bhí an lána chomh dorcha sin gurbh éigean do Scrúg cuardach lena lámha, cé go raibh eolas aige ar gach aon chloch de. Bhí an ceo is an sioc cruinnithe timpeall gheata dubh aosta an tí, i dtreo gur dhóigh leat gur shuigh Spiorad an tSíon ar an tairseach ag machnamh go léirbhrónach.

Is ea anois, is deimhin ná raibh aon ní ait ag baint le cnagaire an dorais, ach go raibh sé an-mhór. Is deimhin fós go bhfeiceadh Scrúg istoíche is ar maidin é an fhaid a bhí sé ina chónaí san áit sin, agus ná raibh fear i gcathair Londan ba lú léirsmaoinimh ná é féin — agus an chathair-chomplacht, na haosánaigh agus a mbuíon timpireachta a chur leis, cé gur mór an focal é. Cuirtear i gcuimhne leis, nár rith Meárlaí in aigne Scrúig ón uair dheireanach a thagair sé an tráthnóna sin dá chompánach a bhí marbh le seacht

mbliana, agus ansin, míníodh duine éigin dom, más féidir leis é, conas a tharla, cé go raibh an eochair i nglas an dorais aige, ná faca Scrúg sa chnagaire sin, agus gan athrú ar bith a bheith déanta air — ná faca sé cnagaire ach aghaidh Mheárlaí!

Aghaidh Mheárlaí! Ní raibh sé léircheilte le dorchadas, mar a bhí rudaí eile sa lána, ach solas doilbh ina thimpeall mar a bheadh ar ghliomach lofa i bpoll dorcha. Ní go feargach ná go fíochmhar a bhí sé, ach d'fhéach sé ar Scrúg díreach mar a d'fhéachadh Meárlaí: a spéaclaí spioraide dírithe suas ar a éadan spioradúil. Bhí a ghruaig corraithe i gcuma éigin neamhghnách, mar a chorródh anáil nó aer teasaí, agus bhí a shúile ina léirstad, cé go rabhadar ar deargleathadh. Dá bhrí sin, agus mar gheall ar an dath liathbhán a bhí air, ba ghránna le feiscint é — ach ba dhóigh leat nár bhain an ghránnacht leis an aghaidh féin, agus gur dá ainneoin a bhí sí, in ionad a bheith ann faoi mar a mbainfeadh sí leis an aghaidh féin.

Ar fhéachaint do Scrúg go dian ar an rud seo, bhí sé ina chnagaire arís.

Dá ndéarfainn nár baineadh geit as, agus nár mhothaigh sé a chuid fola ag léirchrith i dtreo nár mhothaigh ó bhí sé ina leanbh, ní bheadh an fhírinne agam. Ach ina thaobh sin, chuir sé a lámh ar an eochair a bhí sé tar éis a ligean uaidh, chas sé an eochair go déadla, isteach leis, agus las a choinneal.

Is deimhin gur stad sé ar feadh nóiméid le huamhain sular dhún sé an doras, agus gur fhéach sé laistiar de ar dtús, ag brath, ba dhóigh leat, go gcuirfí anfa air le radharc pheiriúice Mheárlaí ag sá amach sa halla. Ach ní raibh aon ní laistiar den doras ach na scriúnna is na fáisceáin a choinnigh greim ar an gcnagaire. “Foth,

foth!" arsa Scrúg, agus dhún sé an doras le mórthuairt.

Leath an fhuaim sin ar fud an tí, ag aisfhilleadh mar thoirneach. Ba dhóigh leat go raibh macalla faoi leith ag gach seomra thuas is ag gach tonna sna fíonsiléir thíos. Níorbh fhear Scrúg a gcuirfeadh macallaí anfa air. Dhaingnigh sé an doras, agus trasna an halla agus suas an staighre leis, ach thóg sé a shuaimhneas, agus chóirigh sé a choinneal ina shlí.

Ná bí ag caint ar chóiste sheisreach a thiomáint suas seanstaighre — nó trí dhroch-Acht nuadhéanta na Parlaiminte — ach is é a deirimse leat go bhféadfá cróchar a bhreith suas an staighre úd ar a leithead, agus an cró tosaigh tiontaithe go dtí an balla agus an doras in aghaidh an chaolaigh, ba ghairid an mhoill ort é. Bhí dóthain an mhéid sin de leithead ann, agus fuílleach, agus b'fhéidir gur dá bhrí sin a bheartaigh Scrúg go bhfaca sé cróchar ag gluaiseacht roimhe sa dorchadas. Níor leor leathdhosaen de lampaí gáis ón tsráid chun solas a thabhairt don halla agus, dá réir sin, ní dóigh go raibh sé so-lasta le buaiceas Scrúig.

Ach ba chuma sin le Scrúg, agus suas leis. Tá an dorchadas saor, agus thaitin sé le Scrúg. Ach sular dhún sé a thromdhoras, shiúil sé trína sheomraí ag féachaint an raibh gach ní ina cheart. Chuir cuimhne na haghaidhe úd scanradh a dhóthain air chun an méid sin a dhéanamh.

An seomra suite, an seomra codlata, an seomra stórais. Bhíodar go léir mar ba cheart dóibh. Ní raibh

éinne faoin mbord, ná faoin súsa. Bhí lasóg tine sa ghráta; bhí spúnóg agus báisín ullamh agus an coire beag leite ar an iarta, mar bhí slaghdáinín ar Scrúg. Ní raibh éinne faoin leaba ná sa chúlteach; ní raibh éinne ina ghúna tí a bhí ar crochadh i gcoinne an bhalla i dtreo amhrasach. Bhí an seomra stórais mar ba ghnáth. Sean-tinechosantóir, seanbhróga, dhá iasc-chliabhán, árthach nite ar trí chos, agus bior teallaigh.

Dhún sé an doras go lánsásta, agus chuir an glas air. Chuir, agus glas dúbailte air, rud ab annamh leis. Óir ná féadfaí teacht i ngan fhios air dá dhroim sin, bhain sé de a charbhat, chuir a ghúna cóirithe is a shlipéir air, agus a chaipín oíche, agus shuigh síos os comhair na tine chun a chuid leite a chaitheamh.

Ba bheag an lasóigín tine a bhí ann dáiríre. Níorbh fhiú í a áireamh, oíche gharbh dá leithéid seo. B'éigean dó druidim isteach léi, agus fanúint os a cionn ar feadh i bhfad sularbh fhéidir leis aon teas a mhothú ón smóilín tine sin. Bhí an tinteán aosta go leor. Rinneadh é le ceannaí ón Ollainn fadó shin, agus bhí dea-shlinnte deasa Ollannacha mórthimpeall ag léirfhoilsiú na Scríbhinne Diaga. Bhí Cáiní agus Áibilí agus iníonacha Faró, agus Banríonacha Sheabá ann. Bhí teachtairí ainglí ag teacht anuas tríd an aer ar néalta ba shamhail le leapacha clúimh. Bhí Abrahámaí, Béilseazaraí agus aspail ag dul chun farraige i mbáid ime. Bhí céad fíor nach iad ann chun é a ghríosú chun machnaimh. Ach ina dhiaidh sin, tháinig an aghaidh

úd Mheárlaí a bhí marbh le seacht mbliana, mar shlat an tseanfháidh, agus shlog siar iad go léir. Dá mbeadh gach aon sleamhain-slinn gan aon ní tarraingthe uirthi, agus neart aige íomhá éigin a dhéanamh ar a droim le blúirí dá chuid smaointe deighilte ó chéile, bheadh macasamhail chinn Mheárlaí ar gach ceann acu.

"Díth céille!" arsa Scrúg, agus shiúil trasna an tseomra.

Tar éis siúil dó anonn is anall go minic, shuigh sé síos arís. Chaith sé é féin siar ina chathaoir, agus luigh a shúil ar chloigín — seanchloigín gan mhaith ab ea é — a bhí ar crochadh sa seomra agus ag freagairt don seomra ab airde sa teach, ní fios anois cad chuige. Ghabh ionadh agus uamhan mór dothuigthe é nuair a d'fhéach sé ar an gclog seo, agus chonaic sé é ag tosnú ar bhualadh. Ar dtús croitheadh chomh ciúin sin é gurbh ar éigean a tháinig fuaim uaidh, ach ba ghearr gur bhuail sé go hard agus gur bhuail gach clog sa teach ina theannta.

Ní raibh ansin ach nóiméad, nó leathnóiméad, ach ba dhóigh leis go raibh uair an chloig ann. Stop na cloig in éineacht amhail mar a thosnaíodar. Tháinig glór gliogarnach ina ndiaidh, thíos in íochtar an tí, faoi mar a bheadh duine éigin ag tarraingt slabhra trom os cionn na dtonnaí sa siléar fíona. Ansin chuimhnigh Scrúg gur airigh sé go ndeirtí go mbíodh slabhraí ar tarraingt ag spioraid i dtithe aeracha.

De gheit, osclaíodh doras an tsiléir le léirfhothram,

agus ansin d'airigh sé an fhuaim i bhfad níos soiléire ar an urlár thíos. Ansin ag teacht aníos an staighre, agus ansin ag déanamh ar dhoras a sheomra.

"Díth céille is ea é, ina thaobh sin is uile," arsa Scrúg. "Ní chreidfidh mé é."

Tháinig athrú ar a dhath, áfach, nuair a tháinig sé gan mhoill tríd an tromdhoras agus isteach sa seomra os comhair a shúl. Ar theacht isteach dó, bhladhm an smóilín a bhí ag dul in éag, faoi mar a déarfadh sé "Tá aithne agam ar spiorad Mheárlaí," agus chuaigh sé as arís.

Ba í an aghaidh chéanna í, an seancheann céanna. Ba é Meárlaí é, faoina pheiriúic, vástchóta gnách, bríste is buataisí, agus bobailíní na mbuataisí ag guairiú ar nós na peiriúice, agus ar nós sciortaí a chóta is gruaig a chinn. Bhí an slabhra a bhí á tharraingt aige casta timpeall a choim. Bhí an-fhad ann, agus é tochraiste ina thimpeall, ar nós eireaball, agus (óir ba ghéar a d'iniúch Scrúg é) bhí sé déanta de bhoscaí airgid, d'eochracha, glais, leabhair chuntais, cáipéisí agus tromsparáin síor-oibrithe i gcruach. Bhí an solas ag dul trína chorp, i dtreo go bhfaca Scrúg, á iniúchadh dó, agus ag féachaint ar a vástchóta, an dá chnaipe a bhí ar chúl a chasóige.

Is minic a d'airigh Scrúg ná raibh aon drólann ag Meárlaí, ach níor chreid sé riamh é go dtí seo.

Ní hea gur chreid sé anois féin é. Cé gur iniúch sé an taibhse tríd isteach, agus go bhfaca sé é ina sheasamh os a chomhair; cé gur mhothaigh sé a chuid